Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0170(COD)**

**10008/1/20**
**REV 1 ADD 1**

**GAF 35**
**FIN 520**
**CODEC 705**
**PARLNAT 129**

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– arna ghlacadh ag an gComhairle an 4 Nollaig 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 23 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a leasú a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe OLAF (Rialachán OLAF). Tá an togra bunaithe ar Airteagal 325 CFAE (an gnáthnós imeachta reachtach).

2. Thug an Chúirt Iniúchóirí uaithi a tuairim, Uimh. 8/2018, an 15 Samhain 2018[1].

3. An 16 Aibreán 2019, ghlac suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa rún reachtach lena seasamh ar an gcéad léamh[2]. Tá an rún sin, ina bhfuil 140 leasú, bunaithe ar an tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach agus ar thuairimí
ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus
ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

4. Phléigh an Mheitheal um Chomhrac na Calaoise an comhad ag go leor cruinnithe idir mí an Mheithimh 2018 agus mí na Bealtaine 2019. An 12 Meitheamh 2019, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[3].

5. Bhí roinnt cruinnithe teicniúla, idir chruinnithe fisiciúla agus chruinnithe fíorúla le Parlaimint na hEorpa, ar siúl ó bhí mí na Samhna 2019 ann, lenar socraíodh líon mór saincheisteanna. Thángthas ar chomhaontú maidir le téacsanna comhréitigh agus pointí prionsabail le linn an chruinnithe thríthaobhaigh pholaitiúil an 26 Meitheamh agus, ina dhiaidh sin, thángthas ar shoiléiriú a tugadh le linn roinnt cruinnithe teicniúla eile i mí Iúil.

6. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh deiridh an 30 Meán Fómhair 2020[4].

---

[1] IO C 42, 1.2.2019, lch. 1.
[2] 8570/19.
[3] 10095/19.
[4] 11108/20 + ADD1 + COR 1.

## II. CUSPÓIR

7. Is é is aidhm don togra seo, go príomha, Rialachán OLAF a chur in oiriúint chun comhar rianúil a áirithiú idir OLAF agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), atá beartaithe a bheith oibríochtúil i dtús 2021. Ina theannta sin, is é is aidhm don togra aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh maidir le héifeachtacht imscrúduithe OLAF, amhail easpa rochtana ar idirbhearta cuntas bainc, inghlacthacht tuarascálacha agus moltaí OLAF in imeachtaí náisiúnta, agus forálacha nós imeachta áirithe a shoiléiriú.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Comhthéacs an nós imeachta

8. Chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht ar bun d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh (‘luath-chomhaontú ar an dara léamh'). Le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, léirítear an pacáiste comhréitigh a comhaontaíodh idir an dá chomhreachtóir, le tacaíocht ón gCoimisiún.

### B. Achoimre ar na feabhsuithe is tábhachtaí

9. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na feabhsuithe is tábhachtaí mar a leanas:

- Feistí faoi úinéireacht phríobháideach (Airteagail 3(5) agus 4(2) pointe (a)): faoi na coimircí dlíthiúla iomchuí, ceadófar do OLAF rochtain a fháil ar fheistí faoi úinéireacht phríobháideach ach a mhéid a úsáidfear na feistí chun críoch oibre agus a mhéid céanna a cheadaítear sin do na húdaráis náisiúnta rialaithe, a mhéid a bhaineann le himscrúduithe seachtracha; maidir le himscrúduithe inmheánacha, déantar tagairt do na cinntí a ghlacann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann;

- Rochtain ar idirbhearta cuntas bainc (Airteagal 7(3), (3a) agus (3b)): thángthas ar fhoclaíocht chomhréitigh, lena ndéantar cearta rochtana OLAF a theorannú do na cearta atá ag imscrúdaitheoirí náisiúnta a bhfuil rochtain acu ar chuntais bhainc;

- Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta (Airteagail 9a agus 9b): thángthas ar chomhaontú maidir le feidhm neamhspleách a ghabhann leis an gCoiste Maoirseachta ó thaobh eagrúcháin de; le raon feidhme fheidhm an rialaitheora cumhdaítear freisin na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF, go háirithe ceanglais nós imeachta agus cearta bunúsacha; féadfaidh an rialaitheoir moltaí a eisiúint d'Ard-Stiúrthóir OLAF;

- Rochtain ar thuarascálacha OLAF (Airteagal 10(3b)): tá cead ag an duine lena mbaineann rochtain a iarraidh ar thuarascáil chríochnaitheach OLAF ar choinníoll go dtugann na húdaráis náisiúnta ábhartha, a dhéanfaidh na himeachtaí náisiúnta a sheoladh ina dhiaidh sin, toiliú sainráite laistigh de 12 mhí;

- Inghlacthacht fianaise (Airteagal 11): neartaíodh inghlacthacht thuarascálacha OLAF mar fhianaise in imeachtaí riaracháin agus an chumarsáid le OLAF i dtaca le saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn maidir leis an inghlacthacht;

- Caighdeáin nós imeachta níos airde le haghaidh imscrúduithe OLAF chun tacú le OIPE (Airteagal 12e(3)): tar éis tuairim a fháil ó Choiste Maoirseachta OLAF, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar OLAF caighdeáin nós imeachta a chur i bhfeidhm a bheadh coibhéiseach leo sin in imscrúduithe coiriúla chun inghlacthacht fianaise a bhaileofaí in imeachtaí coiriúla ina dhiaidh sin a chosaint; leis an gcomhréiteach ar thángthas air, cuirtear d'oibleagáid ar OIPE a bheith ag obair i ndlúthchomhar le OLAF chun a áirithiú go ndéanfar na caighdeáin nós imeachta a urramú, gan sainordú OLAF a mhéadú;

- Comhar idir OLAF agus OIPE (Airteagail 12b go 12g): thángthas ar chomhréiteach lena mbeidh toiliú OIPE ag teastáil ó OLAF chun imscrúduithe comhlántacha a dhéanamh; ní fhéadfaidh OIPE fanacht ina thost, ach níl aon oibleagáid air údar a thabhairt do OLAF lena agóidí;
- An Coiste Maoirseachta (Airteagal 15): tá rochtain an Choiste Maoirseachta ar cháschomhaid OLAF rialaithe agus, ar an gcaoi sin, déantar díospóid atá ann le fada idir an dá chomhlacht a réiteach;
- Tuairisciú leantach ó údaráis na mBallstát chuig OLAF (Airteagail 11 agus 16): tá feabhas beartaithe chun go bhféadfaidh OLAF faireachán níos fearr a dhéanamh ar a chásanna agus easnaimh a shainaithint.

## IV. CONCLÚID

10. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach cóir cothrom a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus í arna héascú ag an gCoimisiún. Réitíodh go leor pointí conspóideacha, agus saincheisteanna an-íogair á gcur san áireamh maidir leis na difríochtaí idir nósanna imeachta coiriúla náisiúnta agus leagan amach imscrúdaitheach Bhallstáit an Aontais. Baineadh amach dhá aidhm an leasaithe ar Rialachán OLAF, eadhon comhar maith a áirithiú idir OLAF agus OIPE, chomh maith le feabhas a chur ar roinnt gnéithe nós imeachta rud a thabharfadh an deis do OLAF imscrúduithe a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí.